Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Leasú na hArdteiste

An Comhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht

1. Réamhfhocal

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi bhráid An Chomhchoiste ag freagairt do chuireadh ar aighneachta maidir le *Leasú na hArdteiste.*

Mar eagraíocht náisiúnta ionadaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, fáiltíonn Gaeloideachas roimh an deis aighneacht a chur faoi bhráid an Chomhchoiste ar an ábhar seo.

Díreofar san aighneacht seo ar rannóg 5, sé sin **An Ghaeilge agus Oideachas trí Mheán na Gaeilge.**

2. Comháthú Pholasaithe an Stáit

Tá gá le pleanáil chuimsitheach, chomhtháite agus fadtéarmach don Ghaeilge sa chóras oideachais suas tríd na leibhéil mar aitheantas ar a stádas agus a tábhacht mar cheann de theangacha oifigiúla na hÉireann. Tá spriocanna an Stáit i leith na Gaeilge aitheanta sa Straitéis 20 bliain don Ghaeilge. Go deimhin, aithníonn an Straitéis and sprioc:
"go n-éireodh leis na húdaráis oideachais fócas náisiúnta níos córasaí agus níos dlúithe a bhaint amach ó thaobh fhoghlaim na Gaeilge".

Ag dul de réir na treorach seo, molann Gaeloideachas comhtháthú idir na croí-pholasaithe seo a leanas:-

i. An Polasaí Oideachais Gaeltachta, 2017 - 2022
ii. Polasaí don oideachas lán-Ghaeilge – ag luath-staid na forbartha ag an Roinn Oideachais
iii. Polasaí do theagasc na Gaeilge – atá á mholadh le roinnt blianta ag geallsealbhóirí oideachais agus Gaeilge.

In éagmais fís shoiléir agus straitéis náisiúnta do theagasc na Gaeilge sa chóras oideachas foirmiúil ón réamhscoil go dtí an tríú leibhéal, níl an Ghaeilge á theagasc i mbealach comhleanúnach, comhtháite ná i mbealach a fhreastalaíonn ar an iliomad riachtanais atá i measc na bhfoghlaimeoirí.

3. Próifíl na bhfoghlaimeoirí

Tá réimse mhór cumais, tola, cúlraí sochtheangeolaíochta agus riachtanais bhreise i measc daltaí bunscoile agus scoláirí iarbhunscoile sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla. D'aithin Curaclam na Gaeilge, 1999 don chéad uair an riachtanas a bhain le cur chuige idirdhealaitheach idir scoileanna T1 (feidhmiú trí mheán na Gaeilge) agus scoileanna T2

(feidhmiú trí mheán an Bhéarla), rud a chabhraigh le scoileanna freastal ar na daltaí i mbealach a bhí in oiriúint do na comhthéacsanna scoile agus timpeallachta faoi seach.

Ní mór a chinntiú go leantar leis an gcur chuige agus an tacaíocht stáit a aithníonn na riachtanais faoi seach atá ag daltaí atá ag fáil a gcuid oideachais uile trí Ghaeilge (scoileanna T1) agus daltaí atá ag fáil a gcuid oideachais trí Bhéarla (scoileanna T2). I gcás na scoláirí sna scoileanna T1, aithnítear an riachtanas a bhaineann le cúrsa Gaeilge a chur ar fáil do scoláirí a ullmhaíonn iad le dul i ngleic go muiníneach agus go héifeachtach le curaclam iomlán na scoile, agus sin ag an mbunleibhéal agus an iarbhunleibhéal.

4. Cur chuige idirdhealaitheach sna scoileanna T1 agus T2

Sa bhliain 2017 cuireadh dhá shonraíocht i bhfeidhm don Teastas Sóisearach, Sonraíocht T1 agus Sonraíocht T2. Bhí siad le scrúdú den chéad uair in 2020 ach de bharr na paindéime COVID 19 cuireadh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí ar ceal in 2020 agus 2021. Toisc nár tharla na scrúduithe seo go fóill agus nach bhfuil athbhreithniú déanta orthu, ní féidir measúnú ná breithmheas ceart a dhéanamh ar na sonraíochtaí agus an chaoi a bhfuil ag éirí leo.

Ag eascairt as aiseolas agus an dioscúrsa ar an tsraith shinsearach go dtí seo agus as éileamh ó gheallsealbhóirí, tá tuarascáil á coimisiúnú ag an CNCM ar chur i bhfeidhm luath T1 agus T2 do Ghaeilge na sraithe sóisearaí agus táthar leis an tuarascáil sin a fhoilsiú go luath in 2022. Ní bheidh an t-eolas sa tuarascáil seo bunaithe ar thaithí daltaí agus múinteoirí faoi ghnáthchoinníollacha scoile, áfach, agus ní féidir an córas measúnaithe a mheas in éagmais scrúduithe 2020 agus 2021.

Ar mhaithe le leanúnachas, bheifí ag súil le cur chuige den chineál céanna le T1 agus T2 don Ardteistiméireacht nó an Teastas Sinsearach ach amháin go bhfuil doiléire ann faoi éifeacht agus tionchair an chur chuige seo I bhfianaise an eolais thuas agus de bharr na gceisteanna sistéimeacha, mar atá leagtha amach thíos.

Ó cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí reatha ar Ghaeilge na hArdteistiméireachta, tá dioscúrsa diúltach sa bhfearann poiblí faoin múnla atá á mholadh, múnla atá bunaithe cuid mhór ar mhúnla na sraith sóisearaí. Tá plécháipéis ullmhaithe ag an Ollamh Áine Hyland agus ag Fíona Uí Uiginn[1] ar an dréachtsonraíochtaí seo agus beidh cóip dé á cur faoi bhráid an chomhchoiste sna laethanta romhainn. Is liosta le háireamh na dúshláin atá á n-aithint sa phlécháipéis, ar a n-áirítear:-

- Teanga na ndréachtsonraíochtaí atá róchasta don ghnáthleitheoir
- Easpa eolais/doimhneachta/treoirlínte faoi na torthaí foghlama
- Easpa fráma measúnaithe de bharr nach mbeidh páipéir shamplacha scrúdaithe ná scéimeanna marcála ar fáil go dtí mí na Samhna 2024
- Gan measúnú a bheith ar an bpunann i gcomhair teistiúcháin, agus deis caillte don scoláire dá réir
- Gan machnamh ceart déanta ag an CNCM ar struchtúr ná ar mheasúnú an Bhéaltriail mar chomhpháirt fíorthabhachtach den tsonraíocht.

Gan amhras, is iad **na Ceisteanna Sistéamacha atá ag cothú deighilte i measc an phobail.**

[1] Plécháipéis ag Freagairt dp Dhréachtshonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sinsearaí T1 agus T2 a foilsíodh do chomhairliúchán ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an 23 Feabhra 2021 le Áine Hyland agus Fíona Uí Uiginn thar ceann Coiste Oideachais de chuid Conradh na Gaeilge

- Ní léir cén stádas atá ag na dréachtsonraíochtaí ó thaobh bheith roghnach nó éigeantach. Glactar leis nach féidir iallach a chur ar aon scoláire i leith aon cheann ar leith, beag beann ar scoláire T1 nó T2 iad.
- Níl aon tagairt i ndréachtsonraíocht T1 do bheart ar bith le scoláirí a spreagadh le tabhairt faoin gcúrsa seo – mar shampla trí phointí bónais mar a rinneadh sa mhata i 2012 agus a mhéadaigh líon na scoláirí a ghlac leis an gcúrsa ardleibhéil dá bharr.
- Níl scoláirí i scoileanna T1 ná T2 chun glacadh leis an tsonraíocht T1, atá níos dúshlánaí, gan pointí bónais.

Faraor, tá míthuiscint sna díospóireachtaí phoiblí maidir leis an difríocht idir mharcanna bónais agus phointí bhónais. An chúis gurb ann do mharcanna bhónais do scoláirí a thugann faoi ábhair ar leith trí Ghaeilge sna scrúduithe ná le cúiteamh a thabhairt dóibh as an ualach breise a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar ábhair i mionteanga nach bhfuil ach líon an-teoranta acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil inti i gcomparáid leis an mBéarla. Níl cothrom na féinne ó thaobh acmhainní teagaisc agus foghlama ann go fóill do dhaltaí a thugann faoi ábhair trí Ghaeilge agus go dtí go mbíonn comhchaighdeán agus comhsholáthar, beidh gá le cúiteamh don dua bhreise.

Ní cháil a rá go bhfuil tionchar ollmhór ag scrúdú na hArdteistiméireachta ar an gcóras oideachais trí chéile, ar chur chuige teagaisc na múinteoirí agus ar na roghanna straitéiseacha a dhéanann daltaí chun an líon pointí is airde a bhaint amach.

5. Freastal ar gach leibhéal

Molann Gaeloideachas go mbeadh anailís déanta ar na leibhéil Gaeilge uile atá de dhíth ag leibhéal na hArdteistiméireachta le freastal ar réimse agus raon leathan cumais na scoláirí sa chomhthéacsanna éagsúla - ó dhaltaí le híseal cumais go daltaí le hardchumas. Ba cheart na leibhéil sin a shainiú ar dtús agus ansin breathnú ar an mbealach is fearr na torthaí foghlama ag gach leibhéil a bhaint amach agus scéim dreasachtaí oiriúnacha dá réir.

6. Roghanna eile a chíoradh

I bhfianaise fairsinge agus doimhneacht na ndúshlán mar aon leis an easpa fianaise faoi rathúlacht múnla T1 agus T2 na sraithe sóisearaí, moltar roghanna eile a chíoradh seachas / anuas air an múnla a bhfuil an comhairiliúchán dírithe air.

Aithnítear go bhfuil gá le sonraíochtaí idirdhealaithe le freastal ar riachtanais éagsúla na scoláirí, idir chainteoirí dúchais / cainteoirí cumasacha Gaeilge agus leibhéil iomlán chumais na scoláirí.

Molann an phlécháipéis thuas luaite ag 4, dhá rogha eile a chíoradh agus leagtar amach na buntáistí faoi seach lena mbaineann. Is iad sin:

Rogha 1 - Sonraíochtaí nua a chur ar fáil ag na ceithre leibhéal seo a leanas:

- Bonnleibhéal
- Gnáthleibhéal
- Ardleibhéal
- **Sárleibhéal – cúrsa nua dírithe ar ardchaighdeán i labhairt agus scríobh na teanga mar aon le heolas ar ghnéithe de shaíocht agus litríocht na Gaeilge**

Buntáistí Rogha 1:

1. Bheadh rogha ag scoláirí i scoileanna T1 tabhairt faoin scrúdú ag an Sárleibhéal dá mba mhian leo agus bheadh sé oscailte do scoláirí i scoileanna T2 tabhairt faoi freisin. Ní ábhar breise a bheadh i gceist cosúil le Mata agus Mata Fheidhmeach ach sonraíocht eile a fhreastalaíonn i gceart ar riachtanais foghlama cohórt daltaí nach bhfuil freastal ceart déanta orthu ag leibhéal na sraithe sinsearaí go dtí seo.
2. Tá ceithre leibhéal i gceist faoin múnla seo mar atá leis na dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 ach freagraíonn na leibhéil seo níos fearr agus ar bhealach níos simplí, dar linn, do na spriocghrúpaí ar a bhfuil siad dírithe.
3. Ní bheadh gá le scrúdú T1 gnáthleibhéal, scrúdú nach mbeadh éileamh air.
4. Chinnteodh sé go ndéanfaí freastal ar an gcohórt scoláirí a mbeadh sonraíocht ag Bonnleibhéal níos oiriúnaí dá riachtanais foghlama.
5. D'fhéadfaí na leibhéil éagsúla a cheangal ar bhealach trédhearcach leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteodh go mbeadh na sonraíochtaí ailínithe le polasaithe eile an rialtais don teanga.
6. Bheadh na sonraíochtaí ag na leibhéil éagsúla seo oscailte do na scoláirí ar fad ar mian leo tabhairt fúthu agus bheadh líon áirithe pointí breise CAO ar fáil dóibh siúd a roghnaíonn an scrúdú ag Sárleibhéal mar chúiteamh as an obair bhreise a bheadh ag dul leis an tsonraíocht seo.

Rogha 2 - Sonraíochtaí a chur ar fáil ag na trí leibhéal seo a leanas:

- Bonnleibhéal
- Gnáthleibhéal
- Ardleibhéal

AGUS

Ábhar nua a fhorbairt **Saíocht agus Litríocht na Gaeilge** a bheadh ar fáil do chohórt daltaí a mbeadh spéis acu tabhairt faoi ar an múnla céanna le Mata / Mata Fheidhmeach atá ar fáil faoi láthair do scoláirí.

Bheadh an t-ábhar Saíocht agus Litríocht na Gaeilge ar fáil do na scoláirí ar fad ar mian leo tabhairt faoi agus bheadh pointí CAO ag dul leis ar an mbealach céanna le Mata / Mata Fheidhmeach.

Buntáistí Rogha 2:

1. Bheadh rogha ag scoláirí i scoileanna T1 tabhairt faoin ábhar **Saíocht agus Litríocht na Gaeilge** dá mba mhian leo agus bheadh sé oscailte do scoláirí i scoileanna T2 tabhairt faoi freisin. Ábhar breise a bheadh i gceist cosúil le Mata agus Mata Fheidhmeach le sonraíocht a fhreastalaíonn i gceart ar riachtanais foghlama cohórt daltaí nach bhfuil freastal ceart déanta orthu ag leibhéal na sraithe sinsearaí go dtí seo.
2. Bheadh 3 leibhéal i gceist faoin múnla seo don Ghaeilge agus ábhar breise roghnach ag leibhéal amháin.
3. Ní bheadh gá le scrúdú T1 gnáthleibhéal, scrúdú nach mbeadh éileamh air.
4. Chinnteodh sé go ndéanfaí freastal ar an gcohórt scoláirí a mbeadh sonraíocht ag Bonnleibhéal níos oiriúnaí dá riachtanais foghlama.

5. D’fhéadfaí na leibhéil éagsúla a cheangal leis an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach, rud a chinnteodh go mbeadh na sonraíochtaí ailínithe ar bhealach trédhearcach le polasaithe eile an rialtais don teanga.

7. Measúnú

Is den riachtanas é go mbeadh córas measúnaithe iontaofa ann atá in ann an teagasc agus an fhoghlaim a stiúradh go héifeachtach. Tá an córas reatha lochtach sa mhéid is gur féidir le daltaí gráid arda a bhaint amach tríd an bhfoghlaim de ghlanmheabhair, foghlaim nach gcuireann ar a gcumas an teanga a úsáid go cumarsáideach taobh istigh nó taobh amuigh den seomra ranga.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an mbéaltriail ó thaobh na Gaeilge de toisc gur mionteanga í agus nach mbíonn an deis ag go leor de na scoláirí an teanga a úsáid agus a chleachtadh taobh amuigh de shuíomh an tseomra ranga. Bíonn ar an múinteoir deiseanna cumarsáide a chruthú sa seomra ranga don scoláire agus mura dtugtar aitheantas do thábhacht na teanga labhartha in ualú na marcanna don bhéaltriail, ní chaithfear an t-am ag forbairt na scileanna tábhachtacha cumarsáide seo a chuirfidh le cumas labhartha fadtéarmach na scoláirí.

Is líon an-ard marcanna 35% nó 40% in aon scrúdú teanga don bhéaltriail agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh cúram ar leith déanta ag an CNCM do bhailíocht na comhpháirte seo den mheasúnú sa dréachtsonraíocht, go háirithe i bhfianaise thorthaí na taighde a choimisiúnaigh an CNCM féin in 2017 a léirigh gur údar imní go leor gnéithe den bhéaltriail reatha nach bhfuil ag cur le cumas labhartha fadtéarmach na scoláirí.

Ar an iomlán, sna dréachtsonraíochtaí, tá an t-eolas faoin gcóras measúnaithe easnamhach. Ní féidir tuairim eile a bhunú air in éagmais eolas cruinn, cuimsitheach faoin gcóras measúnaithe, a bhfuil an scrúdú béil agus an scrúdú scríofa ag deireadh an chúrsa léinn lárnach ann, ailínithe ón tús le hábhar na sonraíochta agus curtha ar fáil in éineacht leis roimh an gcomhairliúchán. Níl ach dhá leathanach sna dréachtsonraíochtaí seo faoin measúnú agus is cur síos ar ualú na marcanna atá ann den chuid is mó. Is easnamh ollmhór é seo agus creidimid nár cheart go mbeadh na dréachtsonraíochtaí seo foilsithe d’uireasa an eolais seo.

Fráma Tagartha Comónta Eorpach

Leagtar amach sa bhfráma eorpach seo cur síos ar an inniúlacht teanga a léiríonn foghlaimeoirí ag leibhéil éagsúla chumais. Tá 6 leibhéal i gcóras an FTCE: na bonnleibhéil (A1 agus A2), na meánleibhéil (B1 agus B2) agus na hardleibhéil (C1 agus C2). Is féidir na leibhéil sin a roinnt ina bhfoleibhéil nuair is gá. Úsáidtear an mionchur síos atá san FTCE ar fud an domhain le spriocanna nó torthaí foghlama a shainiú do shiollabais agus cúrsaí teanga, agus mar shlata tomhais le tacú leis an measúnú teanga.

Moltar an FTCE a úsáid mar chóras trédhearcacht le cáilíochtaí agus leibhéil chumais a aithint. Cuireann sé leis an leanúnachas ó chúrsa go cúrsa, ó theanga go teanga agus ó leibhéal amháin sa chóras oideachais go leibhéal eile. Seachas an Ghaeilge, tá beagnach gach cúrsa agus cáilíocht teanga ó leibhéal na meánscoile go dtí an tríú leibhéal, ailínithe anois leis an FTCE, rud a fhágann go bhfuil míréir idir é agus na céimeanna a thagann ina dhiaidh sa Ghaeilge ag an tríú leibhéal.

8. Achoimre agus moltaí

I. Tá modhanna éagsúla measúnaithe, measúnú foirmitheach agus measúnú leanúnach ina measc, in úsáid le blianta beaga anuas don Teastas Sóisearach. Tá deis ann foghlaim ón taithí sin le breathnú an bhféadfaí feabhas a chur ar an measúnú ag leibhéil na sraithe sinsearaí. Tá taithí na ngrád ríomha ina raibh ról ag na múinteoirí i measúnú a gcuid daltaí féin le cur san áireamh freisin.

II. Ba chóir an comhairliúchán reatha atá ar bun ag an CNCM ar na dréachtsonraíochtaí nua ardteistiméireachta T1 agus T2 a chur siar. Ba chóir athbhreithniú iomlán a bheith déanta ar chur chuige T1 agus T2 sa tsraith shóisearach mar bhonn eolais do Ghaeilge na hArdteiste.

III. Ba chóir comhairliúchán nua a thosú ar mhúnlaí agus roghanna eile, mar atá thuas, ach iad fréamhaithe sa dea-chleachtais idirnáisiúnta do mhúineadh mhionteanga agus múineadh tríd mhionteanga.

IV. Teastaíonn sonraíocht nó cúrsa do dhaltaí Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a bheadh dúshlánach go leor le gur féidir leo dul i ngleic le gach ábhar curaclaim trí Ghaeilge agus barr a gcumais a bhaint amach.

V. Ba ghá aitheantas a thabhairt do na scoláirí as dua breise agus iad ag glacadh cúrsa níos dúshlánaí chucu féin trí pointí bónais a thabhairt.

VI. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an gcóras measúnaithe mar bhunchloch na hoibre seo ó thaobh forbairt sonraíochtaí. Bronnann an scrúdú reatha luach saothair ar an bhfoghlaim de ghlanmheabhair nach dtagann le bunphrionsabail na foghlama cumarsáidí teanga agus nach n-ardaíonn stádas na teanga i súile na scoláirí ná na múinteoirí.

9. Focal Scoir

Gabhann Gaeloideachas buíochas leis an gcomhchoiste as an deis an aighneacht seo a chur faoi bhur mbráid. Bheimis an-sásta teacht i bhur láthair le í a phlé.